Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**7817/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0091(BUD)**

**FIN 385**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Aibreán 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 350 final |
| Ábhar: | DRÉACHTBHUISÉAD LEASAITHEACH UIMH. 1<br>A GHABHANN LE BUISÉAD GINEARÁLTA 2025<br>LENA nIONTRÁILTEAR BARRACHAS NA BLIANA AIRGEADAIS 2024 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 350 final.

Faoi iamh: COM(2025) 350 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.4.2025
COM(2025) 350 final

2025/0091 (BUD)

# DRÉACHTBHUISÉAD LEASAITHEACH UIMH. 1
# A GHABHANN LE BUISÉAD GINEARÁLTA 2025

## LENA nIONTRÁILTEAR BARRACHAS NA BLIANA AIRGEADAIS 2024

GA GA

Ag féachaint don mhéid seo a leanas:

– an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

– Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh[1], a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2021,

– Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú)[2], agus go háirithe Airteagal 44 de,

– buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh le haghaidh na bliana airgeadais 2025, a glacadh an 27 Samhain 2024[3],

Leis seo, cuireann an Coimisiún Eorpach Dréachtbhuiséad Leasaitheach Uimh. 1 a ghabhann le buiséad 2025 faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

## ATHRUITHE AR AN RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DE RÉIR ROINNE

Tá na hathruithe ar an ráiteas ginearálta ioncaim agus ar roinn III féin le fáil ar EUR-Lex (https://eur-lex.europa.eu/budget/www/index-ga.htm).

[1] Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom, IO L 424, 15.12.2020.

[2] IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

[3] IO L, 2025/31, 27.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/budget/2025/31/oj.

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

Tá sé beartaithe le Dréachtbhuiséad Leasaitheach (DBL) Uimh. 1/2025 go n-iontrálfar an barrachas a eascraíonn as cur chun feidhme na bliana airgeadais 2024 sa bhuiséad le haghaidh 2025. Mar a fhoráiltear in Airteagal 18(3) den Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais[4] (an 'Rialachán Airgeadais'), is é an t-iarmhéid ó 2024 ábhar aonair an DBL seo agus tá sé le cur isteach laistigh de 15 lá tar éis na cuntais shealadacha a chur isteach ag deireadh mhí an Mhárta 2025.

1. Tar éis buiséad na bliana 2024 a chur chun feidhme, tá barrachas thart ar EUR 1,3 billiún ann, a chuirtear isteach mar ioncam sa bhuiséad le haghaidh 2025 dá réir.

*(in EUR)*

| Miondealú olltoraidh 2024 | |
|---|---|
| **Ioncam barrachais** | **1 071 992 058** |
| **Caiteachas barrachais** | **272 541 081** |
| **Barrachas iomlán** | **1 344 533 139** |

2. Ach an barrachas á bhuiséadú, laghdófar ranníocaíocht iomlán na mBallstát chuig maoiniú bhuiséad na bliana 2025 dá réir. Beidh tionchar freisin ar na ranníocaíochtaí ó na Ballstát ag réamhaisnéis athbhreithnithe na n-acmhainní dílse a chuirfear ar fáil tar éis chruinniú an Choiste Chomhairligh maidir le hAcmhainní Dílse níos déanaí in 2025 agus áireofar an réamhaisnéis sin i nDréachtbhuiséad Leasaitheach ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 44(1)(b) den Rialachán Airgeadais.

3. Léirítear sa tábla thíos miondealú an olltoraidh le haghaidh na bliana 2024 i dtéarmaí chur chun feidhme an ioncaim:

*(in EUR)*

| Miondealú olltoraidh 2024 | Buiséad (lena n-áirítear BL1-5) | Olltoradh | Athrúchán |
|---|---|---|---|
| **Ioncam fo-iomlán** | **149 744 313 559** | **150 816 305 617** | **1 071 992 058** |
| — Teideal 1 - Acmhainní Dílse | 141 170 058 938 | 141 046 924 153 | -123 134 785 |
| *Tobhaigh agus dleachtanna eile san earnáil siúcra* | *0* | *0* | *0* |
| *Dleachtanna custaim* | *20 119 010 896* | *20 066 448 320* | *-52 562 576* |
| *Acmhainní dílse a fhabhraíonn ó CBL* | *23 462 700 300* | *23 438 378 443* | *-24 321 857* |
| *Acmhainní dílse bunaithe ar OIN* | *90 448 647 342* | *90 333 902 377* | *-114 744 965* |
| *Ceartú míchothromaíochtaí buiséadacha a deonaíodh don Ríocht Aontaithe* | *0* | | *0* |
| *Oll-laghdú ar an ranníocaíocht bhliantúil bunaithe ar OIN a deonaíodh do roinnt Ballstát* | *0* | *22 974 957* | *22 974 957* |
| *Acmhainní dílse bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte* | *7 139 700 400* | *7 185 220 055* | *45 519 655* |
| — Teideal 2 - Barrachais, iarmhéideanna agus coigeartuithe | 632 625 574 | 668 812 073 | 36 186 499 |
| — Teideal 3 - Ioncam riaracháin | 2 124 029 799 | 2 207 810 074 | 83 780 275 |
| — Teideal 4 - Ioncam airgeadais, ús mainneachtana agus fíneálacha | 3 477 560 897 | 4 688 270 282 | 1 210 709 385 |
| — Teideal 5 - Ráthaíochtaí buiséadacha, oibríochtaí trína bhfaightear agus trína dtugtar iasachtaí | 0 | 0 | 0 |
| — Teideal 6 - Ioncam, ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí a bhaineann le beartais an Aontais | 2 340 038 351 | 2 204 489 035 | -135 549 316 |

4. Is é lúide EUR 86,9 milliún méid na nglanathrúchán comhcheangailte i dTeideal 1 (*Acmhainní Dílse*) agus Teideal 2 (*Barrachais, iarmhéideanna agus coigeartuithe*). Difríochtaí ráta malairte agus na hacmhainní dílse á n-íoc, is iad sin, den chuid is mó, is cúis leis an difríocht bheag

[4] IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj.

dhiúltach sin. Bhí olltoradh na ndleachtanna custaim an-ghar (99,7 %) don réamhaisnéis nuashonraithe a áiríodh i mbuiséad leasaitheach 4/2024[5].

5. Is é EUR 1 210,7 milliún an méid atá sna hathrúcháin i dTeideal 4 (*Ioncam airgeadais, ús mainneachtana agus fíneálacha*), ina bhfuil ioncam ó fhíneálacha iomaíochta agus ús mainneachtana, íocaíochtaí pionósacha eile agus ús a bhaineann le fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha. Léirítear sa tábla thíos miondealú de réir caibidil ábhartha/airteagal ábhartha:

*(in EUR)*

| Miondealú olltoraidh 2024 | | Buiséad (lena n-áirítear BL1-5) | Olltoradh | Athrúchán |
|---|---|---|---|---|
| **4 0** | **Ioncam ó infheistíochtaí agus cuntais** | **43 343 107** | **219 127 182** | **175 784 075** |
| **4 1** | **Ús mainneachtana** | **5 000 000** | **414 070 684** | **409 070 684** |
| **4 2** | **Fíneálacha agus pionóis** | **3 429 217 790** | **4 055 072 417** | **625 854 627** |
| *4 2 0* | *Fíneálacha a bhaineann le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta* | *2 759 966 510* | *3 876 925 186* | *1 116 958 676* |
| *4 2 1* | *Íocaíochtaí pionósacha agus cnapshuimeanna arna bhforchur ar Bhallstát* | *392 582 618* | *425 027 787* | *32 445 169* |
| *4 2 4* | *Ús a bhaineann le fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha* | *266 392 350* | *277 051 137* | *10 658 787* |
| *4 2 5* | *Ús, agus muirir eile atá dlite agus torthaí diúltacha ar fhíneálacha a cealaíodh nó a laghdaíodh* | | *-534 433 777* | *-534 433 777* |
| *4 2 9* | *Fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha neamhshannta eile* | *10 276 312* | *10 502 084* | *225 772* |
| **Iomlán Theideal 4 - Ioncam airgeadais, ús mainneachtana agus fíneálacha** | | **3 477 560 897** | **4 688 270 282** | **1 210 709 385** |

Áirítear sa mhéid foriomlán le haghaidh Theideal 4 méideanna a iontráladh mar ioncam diúltach i mbuiséad 2024 i gcomhréir le hAirteagal 48(2), pointe (b), den Rialachán Airgeadais, ar fiú EUR 534,4 milliún san iomlán iad. Cumhdaítear leis sin na híocaíochtaí a rinneadh faoi chomhaontuithe socraíochta a tugadh i gcrích agus a íocadh in 2024, mar ús cúiteach ar ráta caighdeánach agus cúiteamh úis mainneachtana atá dlite do sheacht ngnóthas, i gcomhréir le breithiúnas na Cúirte an 11 Meitheamh 2024 i gCás C-221/22 P *Deutsche Telekom v an Coimisiún*, i ndáil le haisíocaíocht fíneálacha iomaíochta arna gcur ar neamhní nó arna laghdú ag Cúirteanna an Aontais, mar a leagtar amach sa tábla thíos:

| Cás fíneála — ainm cuideachta | Tagairt Bhreithiúnais/ Cháis/ Socraíochta | Méid a íocadh in 2024 |
|---|---|---|
| Intel Corporation | C(2024) 7789 - socraíocht | 515 547 908,15 |
| HSBC Continental Europe | C(2024) 8168 - socraíocht | 3 470 878,20 |
| Cargolux Airlines | C(2024) 8961 - socraíocht | 9 167 720,98 |
| Alfa Acciai Spa | C(2024) 8935 - socraíocht | 2 177 207,60 |
| Ferriera Valsabbia S.p.A. agus Valsabbia Investimenti S.p.A | C(2024) 8935 - socraíocht | 3 110 295,82 |
| AB LIETUVOS GELEZINKELIAI | C(2024) 9249 - socraíocht | 954 307,25 |
| Ferriere Nord | C-31/23 P – forálacha FR 2024 | 5 459,18 |
| | **Iomlán** | **534 433 777,17** |

6. Léirítear sa tábla thíos miondealú an olltoraidh le haghaidh na bliana 2024 i dtéarmaí chur chun feidhme buiséid an chaiteachais le haghaidh na n-institiúidí uile:

*(in EUR)*

| Miondealú olltoraidh 2024 | Buiséad (lena n-áirítear BL1-5) | Olltoradh | Athrúchán |
|---|---|---|---|
| **Caiteachas fo-iomlán** | **149 744 313 559** | **149 471 772 478** | **-272 541 081** |
| **Leithreasuithe olltoraidh údaraithe sa bhuiséad** | **149 744 313 559** | **149 666 470 351** | **-77 843 208** |
| — An Coimisiún Eorpach | 144 789 478 943 | 144 755 050 234 | -34 428 709 |
| *Ceannteideal 1 - An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Inneachar Digiteach* | *20 900 214 848* | *20 891 008 487* | *-9 206 361* |

[5] IO L, 2024/2908, 10.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/budget_suppl_amend/2024/2908/oj.

| | | | |
|---|---|---|---|
| *Ceannteideal 2a - Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach* | *26 492 680 940* | *26 492 552 689* | *-128 250* |
| *Ceannteideal 2b - Athléimneacht agus Luachanna* | *9 487 240 081* | *9 486 872 539* | *-367 542* |
| *Ceannteideal 3 - Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol* | *56 109 912 207* | *56 102 662 897* | *-7 249 310* |
| *Ceannteideal 4 - Imirce agus Bainistiú Teorainneacha* | *3 261 454 374* | *3 259 659 164* | *-1 795 210* |
| *Ceannteideal 5 - An tSlándáil agus an Chosaint* | *2 083 506 364* | *2 078 863 226* | *-4 643 138* |
| *Ceannteideal 6 - An Chomharsanacht agus an Domhan* | *14 453 653 092* | *14 452 755 403* | *-897 689* |
| *Ceannteideal 7 - Riarachán Poiblí Eorpach* | *7 101 665 987* | *7 091 530 325* | *-10 135 662* |
| *Ionstraimí speisialta téamacha* | *4 899 151 050* | *4 899 145 503* | *-5 547* |
| — Institiúidí eile | 4 954 834 616 | 4 911 420 117 | -43 414 499 |
| *Parlaimint na hEorpa* | *2 382 263 574* | *2 375 167 078* | *-7 096 496* |
| *Comhairle & an Chomhairle Eorpach* | *676 881 123* | *652 535 893* | *-24 345 230* |
| *Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh* | *503 782 531* | *498 590 992* | *-5 191 539* |
| *Cúirt Iniúchóirí na hEorpa* | *185 655 890* | *181 501 318* | *-4 154 572* |
| *Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa* | *164 945 524* | *163 650 457* | *-1 295 067* |
| *Coiste na Réigiún* | *123 178 345* | *123 021 166* | *-157 179* |
| *an tOmbudsman Eorpach* | *13 667 466* | *13 504 003* | *-163 463* |
| *an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí* | *24 329 460* | *23 361 542* | *-967 918* |
| *an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí* | *880 130 703* | *880 087 667* | *-43 036* |
| **Cealú leithreasuithe arna dtabhairt anonn ó bhlianta airgeadais roimhe sin** | **0** | **-151 063 465** | **-151 063 465** |
| — An Coimisiún Eorpach | 0 | -96 231 813 | -96 231 813 |
| *Cealú leithreasuithe nár úsáideadh arna dtabhairt anonn ó bhlianta airgeadais roimhe sin (de réir Airt. 12(7) den Rialachán Airgeadais)* | *0* | *-41 545 794* | *-41 545 794* |
| *Cealú leithreasuithe nár úsáideadh arna dtabhairt anonn ó bhlianta airgeadais roimhe sin (go huathoibríoch agus trí chinneadh)* | *0* | *-54 686 019* | *-54 686 019* |
| — Institiúidí eile | 0 | -54 831 651 | -54 831 651 |
| *Parlaimint na hEorpa* | *0* | *-25 848 495* | *-25 848 495* |
| *Comhairle & an Chomhairle Eorpach* | *0* | *-7 732 840* | *-7 732 840* |
| *Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh* | *0* | *-3 883 888* | *-3 883 888* |
| *Cúirt Iniúchóirí na hEorpa* | *0* | *-432 050* | *-432 050* |
| *Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa* | *0* | *-2 110 497* | *-2 110 497* |
| *Coiste na Réigiún* | *0* | *-823 819* | *-823 819* |
| *an tOmbudsman Eorpach* | *0* | *-71 295* | *-71 295* |
| *an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí* | *0* | *-569 588* | *-569 588* |
| *an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí* | *0* | *-13 359 180* | *-13 359 180* |
| **Athrúcháin sa ráta malartaithe ar chaiteachas** | **0** | **-43 634 408** | **-43 634 408** |

7. Ba é EUR 272,5 milliún méid na leithreasuithe buiséid a vótáladh nár chuir na hinstitiúidí uile chun feidhme le chéile iad. Chuir an Coimisiún 99,98 % de na leithreasuithe íocaíochta údaraithe chun feidhme (lena n-áirítear leithreasuithe arna dtabhairt anonn go 2025). Bhain tearcúsáid an Choimisiúin le EUR 34,4 milliún de leithreasuithe a vótáladh, chomh maith le EUR 96,2 milliún de leithreasuithe arna dtabhairt anonn ó bhlianta roimhe sin.

8. Ar an gcaoi chéanna, bhí tearcúsáid agus cealú leithreasuithe na n-institiúidí eile fós íseal in 2024.